Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/6191

24.11.2025

**Caingean arna tabhairt an 8 Deireadh Fómhair 2025 – Banc 131 v an Chomhairle**

**(Cás T-691/25)**

(C/2025/6191)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Bank 131 AO (Kazan, an Rúis) (ionadaithe: V. Ostrovskis agus C. Cauvin, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2025/1495 ón gComhairle an 18 Iúil 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;

— Rialachán (AE) 2025/1494 ón gComhairle an 18 Iúil 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca lena chaingean, ardaíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe agus í ag teacht ar an gconclúid gur institiúid creidmheasa Rúiseach é an t-iarratasóir atá 'ábhartha maidir le córas airgeadais agus baincéireachta na Rúise' agus gur insitiúid creidmheasa é 'lena n-éascaítear íocaíochtaí móra trasteorann agus, ar an gcaoi sin, a threisíonn geilleagar na Rúise agus a hearnáil tionsclaíoch'.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur mhainnigh an Chomhairle a dualgas cruthúnais a chomhlíonadh de shárú ar a hoibleagáid a chinneadh bearta sriantacha a fhorchur a bhunú ar bhonn fíorasach sách láidir.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Chomhairle cearta bunúsacha an iarratasóra trí chearta cosanta an iarratasóra agus a shaoirse chun gnó a sheoladh, a ráthaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a shárú.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Chomhairle prionsabal na comhréireachta trí bhearta sriantacha a fhorchur nach bhfuil riachtanach ná iomchuí chun na cuspóirí sonraithe a bhaint amach.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Chomhairle an Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Rúis trí thoirmeasc iomlán ar idirbhearta a fhorchur ar an iarratasóir.